GL assessment
the measure of potential

PPTC

Grúpa Aistrithe Iarbhunscoileanna

Gaeilge Shamplach

LEABHRÁN TAITHÍOCH

MAR EOLAS AMHÁIN.
NÁ ÚSÁIDTEAR AN SAMPLA.

Intreoir

Tá roinnt scéalta sa leabhrán seo. Tá sleachta as cineálacha éagsúla leabhar ann. Tá súil againn go mbeidh siad suimiúil agus sultmhar agat. Beidh ceisteanna ann ar na sleachta iad féin agus ar úsáid leabhar go ginearálta.

Agus tú ag obair tríd an leabhrán seo, bain úsáid as 'Gluais' agus 'Clár' nuair is mian leat.

CLÁR

	Lch.
Teist Chleachta: Máirtín Ó Floinn	4
Gaeilge Shamplach: An Uaimh	6
Derek Bell	9
Beo Faoin Uisce	12
Ceisteanna Ginearálta	14
Gluais	15
Leabharliosta	15
Innéacs	15

Teist Shamplach Chleachta

Léigh an sliocht seo thíos.

Máirtín Ó Floinn

(Arna chur in oiriúint ó Ó Dúrois, S. (2005) Thorkell Fionn agus a Thuras Fada)

Bhí an lá galánta. Bhí an spéir gorm, agus cé nach raibh sé ach leath i ndiaidh a naoi ar maidin, bhí an t-aer te cheana féin.

Pháirceáil Máirtín Ó Floinn a charr sa pháirc mhór, a bhí measartha folamh go fóill. Thóg sé a leabhar nótaí agus a cheamara ón suíochán cúil, agus chuir sé an carr faoi ghlas. D'amharc sé thart ar Dhroim Doire. Áit dheas a bhí inti ach bhí sé cinnte nach mbeadh mórán suimiúil ag tarlú anseo inniu. Lig sé osna as.

Bhí Máirtín fiche bliain d'aois agus bhí sé ag obair mar iriseoir leis an pháipéar áitiúil, Nuacht Bhaile Achaidh, le dhá bhliain anuas, ó d'fhág sé an scoil. Ba mhaith leis bheith ina iriseoir mar gheall ar a uncail, a bhí ina iriseoir mór le rá agus a chaith na blianta fada ag obair i mBeirlín, in Washington, i Moscó agus san Afraic.

Bhí poist leadránacha ag an chuid is mó de na daoine i dteaghlach Mháirtín, poist i monarchana, i scoileanna, in otharlanna, i siopaí, ach ní raibh rud ar bith leadránach faoi shaol a uncail. D'inis sé scéalta iontacha do Mháirtín faoi na rudaí speisialta agus na contúirtí móra a chonaic sé agus faoi na daoine aisteacha ar bhuail sé leo. Agus bhí sé chomh maith sin i mbun scéalaíochta gur minic a rinne Máirtín dearmad den seomra ina raibh sé agus go bhfaca sé na háiteanna agus na daoine a raibh a uncail ag labhairt orthu os comhair a shúl. Roghnaigh Máirtín bheith ina iriseoir mar gheall ar na scéalta iontacha sin.

Anois freagair na ceisteanna thíos. Marcáil an litir don fhreagra ar do leathanach freagraí.

1 **Cé acu abairt thíos atá fíor?**

A. Bhí uncail Mháirtín ag obair in otharlann in Washington.
B. Bhí poist leadránacha ag Máirtín agus ag a uncail.
C. Bhí gach duine i dteaghlach Mháirtín ina n-iriseoirí.
D. Bhí Máirtín agus a uncail ina n-iriseoirí.
E. Ba mhaith le Máirtín bheith ag obair i siopa.

2 **Cá fhad a bhí Máirtín ag obair mar iriseoir?**

A. Le naoi mbliana.
B. Le fiche bliain.
C. Le blianta fada.
D. Le dhá bhliain.
E. Le bliain go leith.

Gabh ar aghaidh chuig an chéad leathanach eile >>>

3 **Cé acu focal thíos a bhfuil an chiall chéanna aige le 'contúirtí'?** (líne 13)

A. dainséir **B.** foirgnimh **C.** cluichí **D.** ainmhithe **E.** daoine

Soláthrófar freagraí ar na ceisteanna thuas, chomh maith le míniúcháin ar cad chuige a bhfuil an freagra ceart, sula dtéann na páistí ar aghaidh leis an teist.

Scríobh duine míchúramach an sliocht thíos. Caithfidh tusa na meancóga a aimsiú. Ar chuid de na línte tá meancóg amháin. Ar línte eile níl meancóg ar bith ann. Aimsigh an grúpa focal a bhfuil an mheancóg ann agus marcáil an litir cheart ar do leathanach freagraí. Mura bhfuil meancóg ar bith ann, marcáil N.

Ar dtús, cuardaigh meancóga litrithe.

An Rothar Nua (cumtha don scrúdú (2009))

4 Bhí lúcháir an domhain ar Chaoimhe leis an rothar nua a fuar sí don Nollaig.

A **B** **C** **D**

5 'Tá mé ag dul thig an siopa anois,' ar sise, 'ní bheidh mé i bhfad.'

A **B** **C** **D**

Beidh 2 cheist chleachta eile le déanamh ag na páistí.

Anois, cuardaigh meancóga poncaíochta.

Oíche Shamhna (cumtha don scrúdú (2009))

8 D'oscail sé an doras agus damharc sé amach sa dorchadas. Chuala sé

A **B** **C** **D**

9 gáire screadaíl agus caoineadh ag tarlú ag an aon am amháin taobh amuigh.

A **B** **C** **D**

Beidh 1 cheist chleachta eile le déanamh ag na páistí.

Deireadh leis an Teist Shamplach Chleachta

Ná tiontaigh an leathanach go dtí go ndeirtear leat

Teist Shamplach

Léigh an sliocht thíos, ansin freagair na ceisteanna ar na leathanaigh a thagann ina dhiaidh sin. Má tá focail ar bith ann nach dtuigeann tú, b'fhéidir go bhfuil siad sa Ghluais ar leathanach 15.

An Uaimh

(Arna chur in oiriúint ó Mac a'Bhaird, P. (2008) Maggie Sailor agus Cailleach na Farraige)

Ní raibh cead ag duine ar bith sa bhaile dul síos in aice leis an uaimh mhór.
'Róchontúirteach,' a dúirt na daoine móra.
'Brisfidh tú do chos thíos ansin!' arsa a mamaí.
'Scuabfaidh na tonnta móra ar shiúl thú!' arsa a daidí.
'Tá taibhsí thíos ansin!' arsa a hathair mór.

Ba chuma le Máire! Ní raibh rud ar bith ar an domhan seo a chuir eagla ar Mháire. Bhuel, bhí rud amháin, agus níor mhaith le Máire fios a bheith ag duine ar bith. Bhí eagla ar Mháire roimh na damháin alla.

Bhí Máire agus a deartháir óg, Rónán, thíos ag an uaimh. Bhí sé iontach dorcha istigh inti agus bhí rud beag eagla ar Rónán, cé nár mhaith leis sin a thaispeáint os comhair Mháire.
'A Mháire, tá sé iontach dorcha. B'fhéidir nár cheart dúinn dul isteach,' arsa Rónán.
'Ná bí i do bhabaí beag an t-am ar fad. Goitse!'
Síos leis an bheirt acu, thar na clocha, go dtí go raibh siad ina seasamh ag béal na huaimhe.

Chuala Máire a deartháir beag ag análú go trom, ach ní dúirt sí rud ar bith mar thuig sí go raibh Rónán rud beag neirbhíseach agus ní raibh sí ag iarraidh tuilleadh eagla a chur air. Bhí béal na huaimhe dhá oiread níos airde ná mar a bhí Máire í féin agus bhí sé an-dorcha istigh inti. Bhí Rónán lena taobh. Cé go raibh sé bliain níos óige ná Máire, bhí an airde chéanna iontu beirt. D'amharc siad ar bharr bhéal na huaimhe.

Bhí deora uisce ag sileadh anuas agus bhuail deoir acu Rónán ina shúil. Baineadh geit as agus chóir a bheith gur shleamhnaigh sé ar na clocha. Rug Máire greim ar a sciathán agus thóg sí ar a chosa arís é.
'A Mháire, ní maith liom an áit seo. Rachaimid abhaile,' arsa Rónán.
'Fan bomaite! Tá mé ag iarraidh a fháil amach cá fhad siar a thig linn dul.'
Bhog Máire isteach sa dorchadas. Ní raibh de rogha ag Rónán ach í a leanúint.
Thug na páistí dhá rud faoi deara nuair a chuaigh siad isteach san uaimh. An dorchadas agus an ciúnas. Ciúnas trom a bhí san uaimh. Bhí sé deacair an fharraige taobh amuigh ná a gcuid coiscéimeanna féin a chluinstin.

Gabh ar aghaidh chuig an chéad leathanach eile >>>

Bhí sé iontach dorcha anois. Bhí a lámha amuigh os a chomhair ag Rónán, ag iarraidh a
30. bhealach a aimsiú. Fuair sé greim ar T-léine Mháire agus shiúil an bheirt acu ar aghaidh.

Go tobann, chuala Máire trup aisteach ag teacht as dorchadas na huaimhe. Mhothaigh sí méara Rónáin ag teannadh ar a T-léine. Chuir sé cogar ina cluas, bhí sé ag iarraidh tiontú ar ais.

Freagair na ceisteanna thíos. (Amharc ar an sliocht arís más gá.)
Ba chóir duit an freagra is fearr a roghnú agus an litir a mharcáil ar do leathanach freagraí.

1 **Cén rud a raibh eagla ar Mháire roimhe?**

A. Bhí eagla uirthi roimh an dorchadas.
B. Bhí eagla uirthi roimh thaibhsí.
C. Ní raibh eagla uirthi roimh rud ar bith.
D. Bhí eagla uirthi roimh dhamháin alla.
E. Bhí eagla uirthi roimh a deartháir óg.

2 **Cén dá rud a thug na páistí faoi deara nuair a chuaigh siad isteach san uaimh?**

A. An dorchadas agus an ciúnas.
B. An dorchadas agus an fuacht.
C. An fharraige agus an aimsir.
D. An ciúnas agus na clocha.
E. An dorchadas agus an trup.

3 **Cad é an chiall atá le 'cogar'?** (líne 32)

A. Caint iontach ciúin.
B. Caint an-challánach.
C. Scéal mór fada.
D. Scéal greannmhar.
E. Scéal rúnda.

Beidh 7 gceist eile le déanamh ag na páistí.

Gabh ar aghaidh chuig an chéad leathanach eile >>>

Scríobh duine míchúramach an sliocht thíos. Caithfidh tusa na meancóga litrithe a aimsiú. Ar chuid dena línte, tá <u>meancóg amháin</u>. Ar línte eile, níl <u>meancóg ar bith</u> ann. Aimsigh an grúpa focal a bhfuil an mheancóg ann agus marcáil an litir cheart ar do leathanach freagraí. Mura bhfuil meancóg ar bith ann, marcáil N.

Ar dtús, cuardaigh meancóga <u>litrithe</u>.

An Taisme sa Chlós (cumtha don scrúdú (2009))

11 Lá amháin ar scoil, bhí Máirín agus Áine taobh amuigh ag súgrú sa
A B C D

12 chlós leis na páistí eile ón rang s'acu. Go tobann, thit Áine agus
A B C D

13 gortaigh sí a glúin ar phíosa gloine a bhí ina luí ar an talamh.
A B C D

Beidh 7 gceist eile le déanamh ag na páistí.

Gabh ar aghaidh chuig an chéad leathanach eile >>>

Léigh an sliocht thíos, ansin freagair na ceisteanna ar na leathanaigh a thagann ina dhiaidh. Má tá focail ar bith ann nach dtuigeann tú, b'fhéidir go bhfuil siad sa Ghluais ar leathanach 15.

Derek Bell: ceoltóir den scoth agus duine faoi leith

(Arna chur in oiriúint ó www.beo.ie , Ó Domhnaill, S (Beo!, Samhain 2002)
"Derek Bell: ceoltóir eisceachtúil agus duine faoi leith")

Rugadh George Derek Fleetwood Bell i mBéal Feirste sa bhliain 1935. Fidléir a bhí ina athair agus bhí ceol sa teach i gcónaí. Thug tuismitheoirí agus múinteoirí Derek faoi deara go raibh bua speisialta ag Derek nuair a bhí sé an-óg ar fad. Thosaigh sé ag foghlaim an phianó nuair a bhí sé naoi mbliana d'aois agus bhí a chéad phíosa ceoil scríofa aige nuair nach raibh sé ach aon bhliain déag d'aois. Ghlac sé páirt go minic ag an am seo i gclár raidió de chuid an BBC i mBéal Feirste, 'Children's Hour'. Chum sé corrphíosa ceoil don chlár chéanna fosta.

Fuair sé scoláireacht ina dhiaidh sin le dul chuig an Royal College of Music i Londain, áit a raibh Rosina Lovinne mar mhúinteoir aige. D'éirigh go geal leis sna scrúduithe ansin agus chríochnaigh sé sa bhliain 1957. Tháinig sé ar ais go hÉirinn ansin agus chaith sé dhá bhliain eile ag déanamh staidéir ar an cheol i gColáiste na Tríonóide i mBaile Átha Cliath. Chríochnaigh sé ansin i 1959.

Bhí éileamh mór air mar cheoltóir ina dhiaidh sin, ní nach ionadh. Sheinn sé an chláirseach leis an Royal Philharmonic Orchestra agus le ceolfhoirne Pittsburgh, Mhoscó, Londan agus Bhúdapeist. Bhí sé mar bhall de cheolfhoireann BBC Thuaisceart Éireann agus d'oibrigh sé in Acadamh Ríoga Bhéal Feirste go dtí go ndeachaigh sé ag seinm leis an ghrúpa ceoil na Chieftains i 1973.

Bhí suim aige fosta i gceol oirthear na hEorpa. Thug sé cuairt ar an Bhulgáir roinnt blianta ó shin agus rinne sé albam le ceolfhoireann áitiúil. Bhí sé ar lóistín ag an am i dteach ósta nach raibh teas ar bith ann. Bhí ar na ceoltóirí a bheith ag obair istigh i halla mór a raibh an ghaoth ag séideadh tríd, agus an aimsir taobh amuigh an-fhuar ar fad. Ach, má bhí fuacht ann san aimsir, ní raibh croí fuar ag Derek. Thug sé faoi deara go raibh na ceoltóirí beo bocht, gan acu ach seanuirlisí caite. Nuair a d'fhill Derek go hÉirinn, sheol sé uirlisí nua chucu sa phost.

Gabh ar aghaidh chuig an chéad leathanach eile >>>

Freagair na ceisteanna thíos. (Amharc siar ar an sliocht más gá.) Ba chóir duit an freagra is fearr a roghnú gach uair agus an litir cheart a mharcáil ar do leathanach freagraí.

21 **Is é an príomhrud a insíonn an chéad pharagraf dúinn ná:**

A. Gur duine deas a bhí in Derek Bell.
B. Go raibh bua an cheoil ag Derek Bell.
C. Go raibh teaghlach mór ag Derek Bell.
D. Go raibh an-dúil ag Derek Bell sa scoil.
E. Go raibh athair Derek Bell ina fhiaclóir.

22 **Cad é an príomheolas atá le léamh sa tríú paragraf?**

A. Na háiteanna ar fud an domhain a raibh Derek Bell ag seinm.
B. Na háiteanna ar fud an domhain a raibh Derek Bell ar saoire.
C. Na coláistí ceoil a raibh sé ag staidéar iontu.
D. Na háiteanna ar fud an domhain a raibh athair Derek Bell ag obair.
E. Na háiteanna ar fud an domhain a raibh ceoltóirí bochta.

23 **Tá an frása 'D'éirigh go geal leis' sa dara paragraf.**

Cad é an chiall atá leis?

A. D'éirigh sé go luath ar maidin.
B. Níor éirigh go maith leis sna scrúduithe.
C. D'éirigh go hiontach maith leis.
D. D'éirigh an lá níos gile.
E. Theip air sna scrúduithe.

Beidh 11 cheist eile le déanamh ag na páistí.

Gabh ar aghaidh chuig an chéad leathanach eile >>>

Scríobh duine míchúramach an sliocht thíos. Caithfidh tusa na meancóga <u>poncaíochta</u> a aimsiú. Ar chuid dena línte, tá <u>meancóg amháin</u>. Ar línte eile, níl <u>meancóg ar bith</u> ann. Aimsigh an grúpa focal a bhfuil an mheancóg ann agus marcáil an litir cheart ar do leathanach freagraí. Mura bhfuil meancóg ar bith ann, marcáil N.

Laethanta Saoire (cumtha don scrúdú (2009))

35 An Satharn a bhí ann agus bhí Dónall ag dul ar saoire. Déirigh
A B C D

36 sé láithreach bonn agus síos staighre leis ar nós na gaoithe Shuigh sé
A B C D

37 ag an tábla sa chistin. Isteach le ciara bheag agus shuigh sí síos taobh leis.
A B C D

Beidh 5 cheist eile le déanamh ag na páistí.

Gabh ar aghaidh chuig an chéad leathanach eile >>>

Léigh an sliocht thíos, ansin freagair na ceisteanna ar na leathanaigh a thagann ina dhiaidh. Má tá focail ar bith ann nach dtuigeann tú, b'fhéidir go bhfuil siad sa Ghluais ar leathanach 15.

Beo Faoin Uisce – Saol na nIasc

(Arna chur in oiriúint ó An Gúm (2007) Leabhar Mór an Eolais)

Tá na milliúin cineálacha éagsúla ainmhithe ann. Tá cuid acu ollmhór. Cuid eile agus tá micreascóp de dhíth le hiad a fheiceáil. Tá cosúlachtaí idir na hainmhithe uilig. Ní thig leo a gcuid bia féin a dhéanamh mar a dhéanann na plandaí. Caithfidh siad plandaí nó ainmhithe a ithe. Ní thig leo bheith beo gan ocsaigin. Tá siad ábalta atáirgeadh agus bogadh thart.

Deir na heolaithe go bhfuil dhá ghrúpa ainmhithe ann – ainmhithe a bhfuil cnámh droma acu (na veirteabraigh) agus ainmhithe nach bhfuil (na hinveirteabraigh).Tá cineál amháin veirteabaigh a mhaireann faoi uisce an t-am ar fad; is é sin an t-iasc.

Na hÉisc

Is ainmhithe iad na héisc a mhaireann san fharraige, in aibhneacha agus i lochanna. Tá thart faoi 21,000 cineál díobh ann. Bíonn eití orthu uilig. Bíonn geolbhaigh orthu fosta, flapaí speisialta ar chúl a gcinn a ligeann dóibh análú.

Snámh

Tá corp an éisc sleamhain caol agus snámhann sé tríd an uisce gan stró. Tá matáin láidre aige lena chorp a lúbadh ó thaobh go taobh. Is iad na heití a choinníonn ar cothrom san uisce é. Tá mála aeir taobh istigh de chorp an éisc. An lamhnán snámha a thugtar air. Coinníonn sé an t-iasc suas san uisce.

Éisc Óga

Beireann an chuid is mó de na héisc bhaineanna uibheacha – na mílte ubh. Ní fada go dtagann na héisc bheaga amach. Bíonn orthu aire a thabhairt dóibh féin ón tús.

Céadfaí na nIasc

Tá radharc, éisteacht, tadhall, boladh agus blas ag an iasc. Tá a shúile ar thaobh a chloiginn de ghnáth sa dóigh go dtig leis amharc ar gach taobh de. Tá a chuid cluas i bhfolach ina chloigeann.

Céadfaí Speisialta

Tá néaróga faoin chraiceann ag an iasc agus mothaíonn sé gach rud atá thart air, namhaid nó rud a thig leis a ithe!

Siorcanna, Sciataí agus Roic

Is grúpa speisialta éisc é seo. Ní as cnámha atá a gcnámharlach déanta ach as ábhar darb ainm loingeán. Tá loingeán sa chorp s'agatsa fosta – i do shrón agus i do chluasa. Is

Gabh ar aghaidh chuig an chéad leathanach eile >>>

sealgairí nó creachadóirí an chuid is mó de na héisc sa ghrúpa seo. Na sciataí agus na roic, fanann siad ina luí ar ghrinneall nó 'urlár' na farraige.

Bia an Éisc

Dáiríre, is sealgairí nó creachadóirí bunús na n-iasc ata san fharraige. Itheann siad éisc eile nó planctón (ainmhithe beaga bídeacha farraige). An chuid is mó de na héisc a mhaireann sna haibhneacha agus sna lochanna, itheann siad ainmhithe eile fosta. Tá cuid acu, áfach (nach sealgairí nó creachadóirí iad), a itheann plandaí uisce.

FÍRICÍ FARRAIGE:
An t-iasc is troime: An Miolsiorc (40 tona)
An t-iasc is lú: Mac siobháin mion (1 cm)
An t-iasc is gasta: Colgán na ndealg (109 km san uair)

Freagair na ceisteanna thíos. (Amharc ar an sliocht arís más gá.)
Roghnaigh an <u>freagra is fearr</u> agus marcáil an litir ar do leathanach freagraí.

43 **Cad é a thig le plandaí a dhéanamh nach dtig le hainmhithe a dhéanamh?**

A. Bheith beo gan ocsaigin.
B. Cnámh droma a bheith acu.
C. A gcuid bia féin a dhéanamh.
D. Bogadh thart.
E. Bheith beo faoin uisce.

44 **Cén úsáid atá ag na héisc leis na geolbhaigh?**

A. Ligeann siad do na héisc análú.
B. Ligeann siad do na héisc na heití a úsáid.
C. Cuidíonn siad leo teacht ar rudaí le hithe.
D. Cuidíonn siad leo snámh.
E. Ligeann siad dóibh uibheacha a bhreith.

45 **Cén chiall atá le 'creachadóirí'** (línte 31, 34 agus 37)

A. Ainmhithe a bhfuil craiceann orthu.
B. Ainmhithe a bhfuil cnámh droma acu.
C. Ainmhithe farraige.
D. Ainmhithe a bhíonn ag seilg ainmhithe eile.
E. Ainmhithe a bheireann uibheacha.

Beidh 10 gceist eile le déanamh ag na páistí.

Gabh ar aghaidh chuig an chéad leathanach eile >>>

Ceisteanna Ginearálta

Leis na ceisteanna seo a fhreagairt, caithfidh tú smaoineamh ar na sleachta atá léite agat. Amharc siar, más mian leat, agus amharc ar an Innéacs agus ar an Ghluais ar leathanach 15.

56

Cad chuige a mbainimid úsáid as innéacs?

A. Le treoir a thabhairt don léitheoir chuig codanna ar leith sa leabhar.
B. Le hinsint don léitheoir faoi leabhair eile a bhaineann leis an ábhar céanna.
C. Le focail aisteacha nó focail nua a mhíniú.
D. Le liosta a thabhairt de na focail dheacra sa scéal.

57

Cén t-ainm atá ar an údar a scríobh an sliocht 'An Uaimh'?

A. Máire
B. Seán Ó Dúrois
C. Proinsias Mac a'Bhaird
D. Máirtín Ó Floinn

Beidh trí cheist eile le déanamh ag na páistí.

DEIREADH NA TEISTE

Gluais

scoláireacht	airgead a fhaigheann duine le dul i mbun staidéir
ceolfhoireann	grúpa iontach mór ceoltóirí

Leabharliosta

Ó Dúrois, Seán	Máirtín Ó Floinn
An Rothar Nua	*GL, 2009*
Mac a' Bhaird, Proinsias	*An Uaimh*

Innéacs

Coláiste na Tríonóide,	10
Colgán na nDealg,	13
Droim Doire,	4
Taibhsí,	6

Copyright © GL Assessment, 2012.

All rights reserved, including translation. No part of this publication may be reproduced or transmitted in any form or by any means, electronic or mechanical, recording or duplication in any information storage and retrieval system, without permission in writing from the publishers, and may not be photocopied or otherwise reproduced within the terms of any licence granted by the Copyright Licensing Agency Ltd.

Published by GL Assessment, 9th Floor East, 389 Chiswick High Road, London W4 4AL.

GL Assessment is part of the GL Education Group.

Printed in Great Britain.

Code 6860 014
1(05.12) PF

GL assessment
the measure of potential